Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Eanáir 2024
(OR. en)

16970/23
PV CONS 71
ENV 1526
CLIMA 664

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(an Comhshaol)

18 Nollaig 2023

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 16668/23.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 16672/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE** ❶C 16706/23 + COR 1 REV 1 + COR 2
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht mar a léirítear i dtoradh na n-imeachtaí (16946/23).

Leagtar amach ráiteas ón bhFionlainn san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

4. **Treoir maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach)** ❶C 16075/23 + COR 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a réitigh an uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

5. **Rialachán maidir le creat faireacháin d'fhoraoisí athléimneacha na hEorpa** ❶C 16206/23
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a réitigh an uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**6**. (a) Tuarascálacha ar na príomhchruinnithe idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí

(i) An 28ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gComhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 28)
(Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an 30 Samhain go dtí an 12 Nollaig 2023)
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

**(b) Imeacht ardleibhéil tiomnaithe don Óige agus don Ghníomhú ar son na hAeráide (COP 28)** 2 16869/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Bulgáire*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir ar fáil.

**(c) Measúnú ar na dréacht-Phleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide nuashonraithe** 2 16523/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(d) Misin Eorpacha de chuid an chláir Fís Eorpach mar uirlis don ghníomhú áitiúil ar son na haeráide** 2 16524/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(e) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair** ❶ C
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(i) Rialachán lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin** 15557/22 + ADD 1-2

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(ii) Treoir maidir le cáilíocht an aeir (athmhúnlú)** 14217/22 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(f)** **Tionscnamh Imchuach na Mórmhara Thuaidh (GNSBI)** [2] 16498/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hÍsiltíre agus na Fraince*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír agus an Fhrainc ar fáil.

(a) (ar lean) Tuarascálacha ar na príomhchruinnithe idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí

(ii) An cúigiú seisiún den Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Ceimiceán (ICCM5) (Bonn, an Ghearmáin, an 25 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023) 16739/23

(iii) An cúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair (COP 5) (An Ghinéiv, an Eilvéis, an 30 Deireadh Fómhair go dtí an 3 Samhain 2023 16740/23

(iv) An tríú seisiún den Choiste Caibidlíochta Idir-rialtasach (INC-3) chun Ionstraim Idirnáisiúnta maidir le Truailliú Plaisteach, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, a fhorbairt (Nairobi, an Chéinia, an 13 go dtí an 19 Samhain 2023) 16713/23

*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

(g) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

---

[1] An chéad léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**RÁITEAS A GHABHANN LEIS AN MÍR REACHTACH 'B' A LEAGTAR AMACH IN 16668/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN**

'Formhuiníonn an Fhionlainn an cur chuige ginearálta a chomhaontaigh na Ballstáit sa Chomhairle Comhshaoil an 18 Nollaig 2023.

Aontaíonn an Fhionlainn le spriocanna agus cuspóirí an rialacháin maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, agus leis an ngá atá leis an méid dramhaíola a ghintear ó phacáistíocht a laghdú chun spriocanna foriomlána gheilleagar ciorclach an Aontais a bhaint amach.

Cé go gcuireann an cur chuige ginearálta bonn maith faoi chaibidlíocht amach anseo leis na comhreachtóirí, measann an Fhionlainn go bhfuil roinnt ábhair imní fós ann i ndáil leis an téacs. Creideann an Fhionlainn gurb é an laige is suntasaí sa chur chuige ginearálta nach dtugtar aon deis leis maolú ar na spriocanna athúsáide in Airteagal 22 agus 26, bunaithe ar mheasúnú ar thionchair chomhshaoil fhoriomlána.

Maidir le tosaíocht a thabhairt don athusáid thar an úsáid aonuaire, is ceart go mbunófaí sin ar fhianaise iontaofa eolaíochta. Feictear don bhFionlainn gur cheart an úsáid aonuaire le hathchúrsáil iomchuí a chur san áireamh mar rogha fhónta ó thaobh an chomhshaoil de má bhíonn anailís saolré mar bhonn leis. Is oth leis an bhFionlainn nár thug an Chomhairle aghaidh ar an gceist seo ina cur chuige ginearálta agus leanfaidh sí de bheith ag iarraidh go dtabharfaí san áireamh í sa chaibidlíocht amach anseo idir na comhreachtóirí.'